



# Gaeilscoil Thaobh na Coille

Bord Bainistíochta 2014/2015

Cathaoirleach : Conor Mac Daid

Cisteoir : Lúsaí Mhic Cnáimhsí

Rúnaí : Emer Nic Chonchradha

Ionadaithe an Phatrúin

Oilibhéar Ó hAodha & Mary Mhic Dhomhnaill

Ionadaithe na dTuismitheoirí

Conor Mac Daid & Lúsaí Mhic Cnáimhsí

Ionadaithe ón bPobal

Colm Mac Giolla Phádraig & Ailín Ní Dhomhnaill

Príomhoide & Ionadaí Fóirne

Emer Nic Chonchradha & Fiona Ní Chléirigh

Éiteas Scoile *School Ethos*

Bunscoil chomhoideachais chaitliceach lán-Ghaeilge

í Gaeilscoil Thaobh na Coille

Gaeilge: Tá an Ghaeilge mar theanga lánach sa phróiseas foghlama, mar theanga teagaisc & mar mheán cumarsáide. Iarrann an Bord ar thuismitheoirí cuidiú linn tré Ghaeilge a labhairt i gcónaí sa chlós agus thart timpeall na scoile. Cuirimid béim faoi leith ar an gcultúr Gaelach agus spreagtar na páistí ina threo. Bhí sé seo le feiceáil go soiléir ag Ceolchoirm na Féile Pádraig. Buíochas leis na múinteoirí a thugann faoin mBanna Ceoil Scoile a riaradh & le Úna Ní Fhlatharta a chuireann an rince seite chun cinn. Buíochas le Nuala Ní Eochaidh ar múinteoir rince Gaelach

*Gaeilscoil Thaobh na Coille is a co-educational catholic All-Irish school*

*Gaeilge: The Irish language is central not only to the learning process, as the language of instruction but also as the language of communication. We ask parents to speak Gaeilge at all times in the yard and around the school. Special emphasis is placed on all aspects of Irish Culture and we encourage pupils to partake in cultural activities. This was very evident at Ceolchoirm na Féile Pádraig & the events of seachtain na Gaeilge. Buíochas to the múinteoirí who work with the Banna Ceoil Scoile & to Úna Ní Fhlatharta who promotes seit dancing. Buíochas to Nuala Ní Eochaidh our Irish Dancing teacher.*

Saoire an tSamhraidh *Summer Holidays*

Máirt 30/06/15 @12:00 a chlog

Scoil Dúnta *School Closed* 01/07/15 go 31/08/15

Scoil ag Ath-oscailt *School Re-opens*

Dé Máirt 01/09/2015

Éiteas Chaitliceach: Múintear an *creideamh Caitliceach* agus cuirtear í ar fáil mar threoir mhóralta sa scoil. Múintear an clár Beo go Deo i ngach rang. Ullmhaíodh na daltaí do na sacraimintí, An Chéad Fhaoistin, Céad Chomaoineach, Searmanas an tSolais agus an Cóineartú. Buíochas le múinteoirí ranga R2 & R6 as ucht a gcuid oibre anseo. Buíochas leis an tAthair Gerry Moore & foireann paróiste Áth an Ghainimh as an tacaíocht a thug siad dúinn. Buíochas leis an tAthair Leon ó Giolláin as na sacraimintí agus aifreann Nollag na mBan a cheiliúradh dúinn.

*Catholic ethos: We teach the Catholic religion and we use it as a source of moral guidance in the school. The Alive-O programme is thought in every class. The pupils were prepared for the sacraments, Sacrament of Reconciliation, First Communion, Service of Light and confirmation. Buíochas to múinteoirí R2 & R6 for their work in this regard. Buíochas to Father Gerry Moore and all the team in Sandford Parish for their continued support. Buíochas mór to an tAthair Leon ó Giolláin for celebrating all the sacraments & the mass of the Epiphany for us.*

Forbairt Curaclama *Curriculum Development*

FMS Gaeilge : Plean Gnímh Bliain 1 curtha i bhfeidhm i mbliana  
*Yr 1 of School evaluation plan for Gaeilge implemented*

FMS Mata : déanta agus plean gnímh curtha le chéile le tosnú MF2015. Buíochas as ionchur na dtuismitheoirí re: Suirbhé na dtuistí. *School Evaluation plan for Mata put together - to start Sept 2015. Parental input through Parent Survey much appreciated.*

Forbairt & Athbhreithniú Polasaithe *Policy development*

Polasaí um Chosaint Sonraí & Coiméad Taifid

Data Protection and Record Retention Policy

Polasaí Frithbhulaíochta

Anti-Bullying Policy

An Nós Imeachta maidir le Gearán a Dhéanamh

Complaints Procedure

Polasaí maidir le Riachtanaisí Speisialta Oideachais

Special Education Needs Policy

Polasaí Tinrimh & Rannpháirtíocht

School Attendance & Participation

Polasaí um Úsáide Inghlactha Idirlín

Internet Acceptable Use Policy

Polasaí maidir le hÚsáid Substantí

Substance Abuse Policy

Cód Iompair - Athbhreithniú & Uas-dátú á dhéanamh ar faoi

láthair - polasaí leasaithe ag teacht MF2015

Code of Behaviour - review & update in progress - revised policy

Foireann Staff

Buíochas ó chroí leis na múinteoirí, Emer Nic Chonchradha PO, Tomás Mac Uilleagóid, Niamh Ní Dhúill, Bernie Ní Ruadaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Máirín Ní Dhubhthaigh, Cormac Chambers, Fiona Ní Chléirigh, Máire Mhic Gabhann, Máire Cáit Ní Dhubhgáin, Úna Ní Fhlatharta, Sadhbh Ní Fhloinn, Aoife Ní Chearnaigh, Deirdre Uí Dhónaill, Clíodhna Ní Leocháin, Rícheal Ní Thiarnaigh, Rónán Mac Niallais, Karl Priestley, Niamh Ní Chonaill & Caitriona Bairéad as an obair iontach, leanúnach a rinne siad i rith na bliana.

Beidh Eavan Ní Mhuirgheasa ar ais linn arís i Meán Fómhair 2015 taréis di bliain a chaitheamh ag taisteal an Domhan. *Eavan Ní Mhuirgheasa will return from her travels in September.*

Tá an-bhrón orainn nach mbeidh Niamh Ní Chonaill linn an bhliain seo chugainn. Guímid gach rath uirthi agus í ag dul ag taisteal. *Best wishes to Niamh Ní Chonaill who is leaving us to go and travel the world.*

Fostaíodh beirt chuntóirí riachtanas speisialta nua sa scoil i rith na bliana - Orla Ní Shé & Anne-Marie Mhic Lochlainn. Ní bheadh a fhios agat nach raibh siad linn i gcónaí. *We were very lucky to employ 2 new SNAs in the school this year - Orla Ní Shé & Anne-Marie Mhic Lochlainn. They have settled into the school so easily that you would think they were staff members for years!*

Buíochas mar is gnáth lenár rúnaí iontach Margaret Uí Ruairc as gach rud a choinneáil in ord agus in eagar in oifig na scoile. *Thanks as ever to our Rúnaí Margaret Uí Ruairc for keeping the office running smoothly.*

Beimid ag fágáil slán lenár nAiríoch Liam Ryder ag deireadh na scoilbhliana seo mar go bhfuil sé in aois éirí as. Tá Liam ag obair linn sa scoil le 17 bliain. Guímid gach rath air sa todhcháí agus tá súil againn go mbainfidh sé taitneamh agus tairbhe as an saol nua atá roimhe. *We are saying goodbye to our caretaker Liam Ryder at the end of this school year as he is retiring. Liam has been with us since 1998 and we will miss him around the school. We wish him all the best for the future and hope he enjoys the years ahead.*

Tá an scoil fós ag fás agus ag forbairt agus an bhliain seo chugainn beidh breis is 440 dalta & 20 múinteoir lán-aimseartha sa scoil.

*The school is still growing and developing and next year we will have over 440 pupils and 20 full-time permanent teachers in the school.*

Fostófar múinteoir nua lán-aimseartha don scoil roimh thús na scoilbhliana nua. *A new permanent teacher will be appointed for September 2015.*

Coiste na dTuismitheoirí

Buíochas le Coiste na dTuismitheoirí as ucht an tacaíocht don scoil i rith na bliana. **Thug siad comhairle ar Pholasaithe, d'eagraigh siad agus thacaigh siad le himeachtaí agus thiomsaigh siad €13,000 don scoil chomh maith.** Tá an t-airgead a thiomsaigh an Coiste i mbliana curtha i leath taobh againn do chiste an Chlós Uile-aimsire. Ba mhaith linn freisin dífhibrileoir a ceannach & traenáil na fháil d'fhoireann len é a úsáid.

*Buíochas le Coiste na dtuismitheoirí for all their help and support again this year. The Coiste helped with policies, organised and supported school events and fundraised €13,000 for the school. The money fundraised this year has been set aside to help pay for the all-weather yard. We also hope to purchase a defibrillator and organise staff training in its use.*

I measc na n-imeachtaí a d'eagraigh an Coiste bhí

- Ranganna Gaeilge, Bodhrán & Ríomhaireachta
- Oíche Scannán
- Cranchur Cásca
- Oíche Shóisialta
- Tráth na gCeist Daltaí & Tuistí
- Oíche Biongó
- Siúlóid Urraithe
- Bricfeasta Céad Chomaoineach/Cóineartú
- Griangrafadóir Scoile
- **Tae/caifé d'oíche na dtusití nua & cuairt na naíonáin**
- Lón & Dinnéar do dhaltai Ysgol Gymraeg Morswyn
- Bailiúchán Éadaí & Fón Póca
- **Díolachán 'Swish'**
- Athbhreithniú Polasaí Scoile

Buíochas le Karen Uí Mháille an Chathaoirleach, Órlaith Déiseach an leas-chathaoirleach, Gillian Nic Óda an Cisteoir & Linda Uí Dioliún an Runaí maraon le baill uile an Choiste. Buíochas freisin leis na hionadaithe ranga a thugann tacaíocht agus cabhair dóibh. Déanann siad ar fad sár-obair ar son na scoile agus táimid an-bhuíoch dóibh.

Creidimid gur páirtneirí iad na tuismitheoirí i gcomhoideachas na bpáistí agus ba mhaith linn sibh a spreagadh le bheith lán-pháirteach i gcur chun cinn agus i bhforbairt na scoile trí Chumann na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta.

*Buíochas to Karen Uí Mháille (Cathaoirleach), Órlaith Déiseach (leas-chathaoirleach), Gillian Nic Óda (Cisteoir) & Linda Uí Dioliún (runaí) as well as all the other Coiste members. Coiste na dTuismitheoirí do trojan work, for which we are very grateful. Thanks also to the class reps and all other parents who have helped us in one way or another throughout the year.*

*We regard you the parents as partners in the mutual education of your children and we would encourage you to get involved in the development of the school through the Parents' Association & the Board of Management.*

## Clós Uile-Aimsire

Táimid ag brú ar aghaidh leis an bplean atá againn clós uile-aimsire a chuir ar shuíomh na scoile. Tá na tairiscintí ag teacht isteach faoi láthair agus tá súil againn go dtosófar ar an obair i rith saoire an tSamhraidh. Beidh praghas cinnte againn go luath agus beidh a fhios againn ansin cé mhéad airgid breise a bheidh orainn a thiomsú le cur leis an t-airgead atá sábhailte againn cheanna féin leis an gclós uile-aimsire a thógáil.

*We are moving on with our plan to put an all-weather yard on the school site. The project is at the tendering stage at the minute and we hope to get work on the all-weather yard started in the later part of the summer break. We will know very soon what the cost of the project will be and what we will need to fundraise in order to top up/supplement the money that has already been saved for the project.*

## Scéim Iasachta Téacsleabhair Textbook Rental Scheme

Táimid ag cur i gcónaí leis an scéim iasachta téacsleabhair atá i bhfeidhm sa scoil chun costas na dtéacsleabhair scoile a laghdú.

*We continue to expand and add to the textbook rental scheme we have in place in the school in order to help keep the cost of school textbooks down.*

## Taisteal Scoile School Travel

Bíonn costas mhór ar thaisteal scoile gach bliain. Íocann an scoil as busanna leis na daltaí a thabhairt ag imeachtaí oideachasúla, spóirt agus cultúrtha i rith na bliana.

*School transport cost are extremely high. However the Board feels that the children benefit greatly from educational, sporting and cultural events that happen outside the school.*

**I mbliana d'íoc an Bord as taisteal scoile ina iomlána (nó as cuid de) leis na daltaí a thabhairt ag na himeachtaí seo a leanas**

- Cór na nÓg
- Traenáil Peile & Iománaíochta
- Seirbhísí Reiligiúnda
- Seisiúin idirscoile an Bhanna Ceoil
- Imeachtaí Spóirt, cluichí, lúthchleasaíocht srl.
- Ysgol Gymraeg Morswyn

## Cothabháil

Tá sé i gceist againn tabhairt faoi thús a chuir le hobair cothabhála ar an scoil an bhliain seo chugainn. Os rud é go bhfuil an **fhoirgneamh scoile 6 bliana d'aois anois beidh orainn tús a chuir** leis an áit a ath-phéinteáil laistigh & lasmuigh.

*The Board intend doing a bit of maintenance on the school over the next couple of years. As the school is now 6 years old we feel the building is in need of a bit of re-painting and freshening up.*

## Páirc Imirthe Taobh Thiar den Scoil

Beidh páirc imirthe taobh thiar den scoil ach níl na tógálaithe 'Castlethorn' in ann a rá linn fós caithin nó cén bhliain a mbeidh sé réidh. Tá an réamhobair á dhéanamh ar faoi láthair.

## Gearáin

Fuair an Bord Bainistíochta roinnt gearáin i mbliana ó dhaoine a bhfuil cónaí orthu i mBeallairmín faoi thuistí a bheith ag tiomáint ar luas lasraigh san eastáit, ag párcáil go neamhdhleathach agus ag blocáil bealach isteach is amach tionóntaithe ag a dtithe féin. Iarrann an Bord Bainistíochta oraibh a thuismitheoirí tiomáint go réidh agus coinneáil leis an luas teorann srl. Ná páirceáil ar an bhféar nó in áiteanna páirceála príomháideacha.

*We received several complaints during the year from residents living in Belarmine about parents from our school driving at speed through the estate, parking in private residential parking spots and blocking residents exit and access to their own homes. We ask you to please drive carefully and adhere to the speed limit. Do not park on the grass or in any private parking spots.*

## Naionra Thaobh na Coille

Cheadaigh an Bord do Naionra Thaobh na Coille seomraí réamhdhéanta a chuir ar shuíomh na scoile. Tá an dá naionra, Naionra Mary & Naionra Denise lonnaithe amuigh ansin ón gCaisc.

*The Board of Management gave the naionra permission to install their prefabricated classrooms on the school grounds. They have signed a lease agreement with the school.*

## Tiomsú Airgid Fundraising

Ba mhaith leis an mBord Bainistíochta Buíochas a ghabháil le gach **duine a d'íoc síntiús deonach leis an scoil i mbliana. Buíochas** libhse a íocann ar bhonn míosúil tríd an gcóras ordú seasta agus libhse a íocann i bhfoirm cnaipshuim.

*The Board would like to sincerely thank everyone who has given a voluntary contribution to the school this year - those of you who contribute on a monthly basis by standing order and those who have made once off contributions.*

Déanaimid airgead a thiomsú ar son na scoile trí sheomraí nó halla na scoile a ligint ar cíos. Seo thíos liosta de na heagraíochtaí a thógann seomraí ar cíos sa scoil ar bhonn leanúnach

*Hiring out the school hall/classrooms helps us raise funds for the school. The following are some of the groups who rented rooms in the school on an ongoing basis.*

- Three Rock Kempo
- Japanese School of Ireland
- Ranganna Ealaíne Becky
- Naionra Thaobh na Coille
- Living Languages Summer School
- Campa Thaobh na Coille
- Club Spraoi
- Ranganna Bodhrán

Brathaimid go mór ar dheá-mhéin na dtuismitheoirí le tacaíocht a thabhairt dos na himeachtaí tiomsú airgid a eagraíonn Coiste na dtuismitheoirí agus táimid thar a bheith buíoch díbh as sin.

*Thank you all for supporting the Cosite's Fundraising events throughout the year.*

Fógra i ndáil le hAthbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an bpolasaí maidir le Caomhnú Leanaí

*Notification regarding the Board of Management's annual review of the child protection policy*

Chuig: Tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille a chur in iúl:


*The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:*

- Go ndearnadh athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí a thabhairt chun críche ag cruinniú an Bhoird ar 15/06/2015 [dáta].


*The Board of Management's annual review of the school's child protection policy was completed at the Board meeting of 15/06/2015*

- Go ndearnadh an t-athbhreithniú seo de réir an liosta seiceála a leagtar amach in Aguisín 2 le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne.

*This review was conducted in accordance with the checklist set out in Appendix 2 of the Department's 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools'*

Síniú   
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Dáta 15/06/2015

Síniú   
Príomhoide

Dáta 15/06/2015

Aguisín 5 - Fógra maidir le hathbhreithniú bliantúil an Bhoird Bhainistíochta ar an bPolasaí Frithbhulaíochta

*Appendix 5 - Notification regarding the Board of Management's annual review of the anti-bullying policy*

Meitheamh 2015

Chuig: Tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille na nithe seo a leanas a chur in iúl duit:

*The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:*

- Tugadh athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus a fheidhmiú chun críche ag cruinniú an Bhoirden 15/06/2015.

*The Board of Management's annual review of the school's anti-bullying policy and its implementation was completed at the Board meeting of (see date above).*

Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhréir leis an seicliosta atá leagtha amach i

**"nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile".**

*This review was conducted in accordance with the checklist set out in "Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools".*

Síniú   
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Dáta 15/06/2015

Síniú



Dáta 15/06/2015

Tá súil agam go mbeidh samhradh iontach agaibh go léir agus feicimid arís sibh le cúnaimh Dé nuair a osclaíonn an scoil don bhliain scoile nua 2015/2016 ar an Mháirt an 1 Meán Fómhair 2015.

*I hope you all have a wonderful summer and we'll see each other again please God. when the school re-opens for the 2015/2016 school year on Tuesday the 1st of September 2015*